Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12319/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0258(NLE)**

TRANS 570

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 11947/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus ar na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN)<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 2 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún togra le haghaidh an chinnidh thuasluaite ón gComhairle faoi bhráid na Comhairle, tar éis dó an Mheitheal um Iompar de Thalamh a chur ar an eolas, an 11 Iúil 2022, faoi thabhairt i gcrích na hoibre maidir le nuashonruithe teicniúla agus eolaíocha ar na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar agus ar uiscebhealaí intíre, do na blianta 2023 agus 2024.

2. Sheol Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe an comhairliúchán leis na páirtithe conarthacha maidir leis na hathruithe ar na Rialacháin atá i gceangal leis seo agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis na comhaontuithe thuasluaite an 1 Iúil 2022 (iompar ar uiscebhealaí intíre) agus an 6 Iúil 2022 (iompar de bhóthar), faoi seach, agus ar an gcaoi sin, cuireadh tús leis na tréimhsí trí mhí a measfar na leasuithe a bheith glactha ina ndiaidh mura ndéanfar aon agóid ábhartha.

3. Ní páirtí conarthach é an tAontas i gceachtar den dá chonradh. Mar sin féin, tá gach Ballstát ina pháirtí conarthach sa Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus tá trí Bhallstát déag ina bpáirtithe conarthacha sa Chomhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN). Rialaíonn an tAontas, go háirithe trí Threoir 2008/68/CE[1], iompar earraí contúirteacha de bhóthar, d'iarnród agus ar uiscebhealaí intíre, agus tagraíonn sé do chur i bhfeidhm na rialacha arna nglacadh faoi ADR agus ADN.

## II. OBAIR AN CHOMHLACHTA ULLMHÚCHÁIN

4. Chuir an Coimisiún an togra i láthair le linn cruinniú de chomhaltaí na Meithle um Iompar de Thalamh an 5 Meán Fómhair 2022. Thacaigh na toscaireachtaí lena ghlacadh cé go raibh roinnt forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ar feitheamh.

5. Tar éis don Uachtaránacht iarraidh ar thoscaireachtaí barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil a d'fhéadfadh a bheith acu faoin 12 Meán Fómhair 2022, níor thug aon toscaireacht barúlacha breise uaithi. Dá bhrí sin, féadfar a mheas go bhfuil an plé ar leibhéal na meithle tugtha i gcrích.

## III. CONCLÚIDÍ

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh a fhormhuiniú agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh, mar a leagtar amach in 12123/22, tar éis athbhreithniú a bheith déanta ag na dlítheangeolaithe air, agus in 12399/22 é.[2]

7. A luaithe a ghlacfar é, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.

---

[1] Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13.).

[2] Is é an 20 Meán Fómhair 2022, p.m. an spriocdháta chun na doiciméid a eisiúint.